| **Preasráiteas**<br>Press Release<br><br>29.04.2025 | **Tuilleadh eolais:**<br><br>**gaeilgeiorrais@gmail.com**<br>**097-29023** | *Leagan Béarla ar lch. 3<br><br>English summary on pg 3. |
|---|---|---|

# Ceardlann na n-Óg 2025: Spórt & Cultúr

# Peil Ghaelach, damhsa, scileanna iománaíochta & drámaíochta

Tá ríméad ar Ghaeilge Iorrais a fhógairt go mbeidh ócáid álainn lán-Ghaeilge ar siúl do pháistí na scoileanna Gaelachta in Iorras ar an Satharn 24 Bealtaine 2025. Reáchtálfar 'Ceardlann na n-Óg' sa chlubtheach, C.L.G Cill Chomáin i nGleann na Muaidhe (F26 AY20), ó 10.00rn - 2.00in ar an 24.05.2025. Comhthionscnamh é seo idir Gaeilge Iorrais, C.L.G Cill Chomáin agus an cumann iomána 'Gaeltacht Iorrais.'

Ceardlanna difriúla a bhéas mar chuid lárnach den ócáid seo, maraon le deiseanna sóisialaithe i nGaeilge do pháistí ó scoileanna Gaeltachta Iorrais. Beidh deis ag na páistí agus iad i ngrúpaí beaga de réir aoise, páirt a ghlacadh sna ceardlanna seo a leanas; peil Ghaelach, damhsa céilí agus rince seit, scileanna iománaíochta, agus drámaíochta i nGaeilge. Ócáid thaitneamhach ghaelach a bheidh ann.

Beidh an ócáid lán-Ghaeilge seo dírithe ar pháistí ó bhunscoileanna Gaeltachta an limistéir seo (ó 5 – 13 d'aois). Beidh an ócáid seo saor in aisce ach tá spásanna teoranta. Caithfear clárú roimh ré agus cloí leis an bpolasaí Gaeilge agus iompair a bheidh i bhfeidhm.

Laoise Ní Dhúda, oifigeach pleanála teanga (Gaeilge Iorrais):

> *Tá súil againn go dtapóidh daoine óga (le tacaíocht a gcuid tuistí agus múinteoirí) an deis iontach seo chun blaiseadh a fháil den pheil Ghaelach, scileanna iománaíochta, damhsa agus drámaíochta i nGaeilge i gcomhluadar pháistí eile na Gaeltachta seo. Tá súil againn borradh a chur faoi na cluichí gaelacha, an damhsa, an drámaíocht agus sóisialú i nGaeilge i measc óige na Gaeltachta seo.*


Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Michelle Uí Dheaganaigh, rúnaí C.L.G Cill Chomáin:

*Tá muid ag súil go mór leis an ócáid lán-Ghaelach seo agus thar a bheith sástaí tacaíocht a thabhairt mar Chlub do Ghaeilge Iorrais agus muid uilig ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn agus an aois óg a spreagradh tríd spóirt, spraoi & ár dteanga.*

Tá Gaeilge Iorrais fíorbhuíoch as an tacaíocht agus comhoibriú leis na páirtithe seo a leanas, C.L.G Cill Chomáin agus an choiste Gaelach ach go háirithe, Gaeltacht Iorrais (club íománaíochta áitiúil), damhsóir agus teagascóir drámaíochta an cheantair a bheidh i mbun na gceardlann.

Mar sin, má tá fonn ort/ar do pháiste freastal ar an ócáid thaitneamhach seo i nGaeilge, blaiseadh a fháil de na healaíona traidisiúnta agus scileanna spóirt agus casadh le daoine óga eile le Gaeilge – bí i dteagmháil linn go beo! Líon an fhoirm um léiriú spéise ag **https://forms.gle/7N6f7q5XLKKpK5qg7** chomh luath agus is féidir leat.


Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

**Ceardlann na n-Óg 2025: Sport & Culture**

**Gaelic football, dancing, hurling & camogie skills & drama in Irish**

Gaeilge Iorrais is delighted to announce that a brand new all-Irish event will be held for children from Gaeltacht scheme schools in Erris on the 24th of May 2025. 'Ceardlann na n-Óg 2025' will be held in the Clubhouse in C.L.G Cill Chomáin, Glenamoy (F26AY20) on Saturday 24th May from 10am to 2.00pm. The event will comprise various workshops in the traditional arts and sports through the medium of Irish and an opportunity for children from Gaeltacht scheme schools in Erris to socialise together *i nGaeilge* outside school. This event is a joint initiative between Gaeilge Iorrais, C.L.G Cill Chomáin & Gaeltacht Iorrais.

Participants will be divided into small groups by age to take part in the following workshops; Gaelic football skills & games, céilí and set dancing, as well as a skills session in hurling & camogie and drama in Irish. This promises to be a fun child-centered and thoroughly enjoyable Irish language event.

This all-Irish event is designed for children from Gaeltacht scheme primary schools in this area (from 5 – 13 years of age). This event will be free but spaces are limited. You must register in advance and adhere to the Irish language policy.

Laoise Ní Dhúda, Oifigeach pleanála teanga (Gaeilge Iorrais):

> *We hope that young people (with the support of their parents and teachers) will take advantage of this great opportunity to get a taste of Gaelic football, hurling & camogie skills, dancing and drama skills in Irish and in the company of other children from our Gaeltacht area. We hope to promote Gaelic games, dance, drama, and socialising in Irish among the youth of this Gaeltacht.*

Michelle Uí Dheaganaigh, Runaí C.L.G Cill Chomáin:

*We are very much looking forward to this event that is fully Irish-speaking and extremely happy to support it as a Club with Gaeilge Iorrais, as we all aim to promote the Irish language and encourage our young people through sports, fun, and our native language.*

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·
Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Gaeilge Iorrais would also like to thank the following for their support with this event; C.L.G Cill Chomáin & their Irish Committee (Coiste Gaelach), Gaeltacht Iorrais (Club Iománaíochta áitiúla) as well as our local dancer and drama instructor which will run the various workshops on the day.

If you/your child would like to attend a free and enjoyable event in Irish, get a taste of traditional arts and meet other young people who speak Irish - fill out the expression of interest form at **https://forms.gle/7N6f7q5XLKKpK5qg7** as soon as possible or get in touch with us if you have any questions.


Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.